An tástáil 'Heaf'

Nuair a théann duine faoi choinne na tástála 'Heaf', cuirtear braon beag den tuaslagán ar sciathán agus brúitear fearas aonúsáide incharta ar a bhfuil 6 shnathaid bheaga bhídeacha, anuas ar an chraiceann sa mhullach ar an tuaslagán. Thart faoi sheachtain ina dhiaidh sin, breathnaíonn banaltra nó dochtúir ar an áit a ndearnadh an tástáil leis an fhrithghníomh a sheiceáil.

Ag brath ar mhéid an fhrithghnímh cinnfidh siad cé acu tá duine imdhíonta ar eitinn cheana nó an bhfuil instealladh BCG de dhíth air. Má bhíonn frithghníomh ar dhuine imeoidh sé i ndiaidh tamaill, ach b'fhéidir go bhfágfaí colm beag. Má bhíonn frithghníomh trom i gceist, b'fhéidir go mbeadh x-ghathú uchta de dhíth.

Tugtar vacsaín BCG do roinnt daoine go díreach i ndiaidh a mbreithe. Má tugadh instealladh BCG do dhuine roimhe, is annamh a bhíonn an dara ceann de dhíth.

Cad é a tharlaíonn i ndiaidh imdhíonta?

De ghnáth, tugtar an vacsaín mar instealladh ar an chuid uachtarach den sciathán clé. Idir dhá sheachtain agus sé seachtaine i ndiaidh an insteallta nochtfaidh ball beag bán a d'fhéadfadh bheith nimhneach ar feadh cúpla lá. Is iondúil go bhfágtar colm beag.

Má bhíonn frithghníomh níos tromchúisí, ná galrú, i gceist, b'fhéidir go mbeadh antaibheathaigh de dhíth. Ní miste folcadh, nó snámh a bheith ag duine mar is gnáth i ndiaidh an insteallta. Cneasóidh an ball nimhneach de réir a chéile, go háirithe mura gcumhdaítear é. Is fearr a fhágáil gan chumdach ach más gá a chumdach le bindealán uiscedhíonach **ná fág air é níos mó ná 1-2 uair an chloig**. Má chumhdaítear níos faide ná sin é seans gur mó i bhfad an colm a thiocfaidh ar an chraiceann.

Cuimhnímis, is furasta an galar a chosc, ach má thógtar eitinn bíonn cúram fadtréimhseach de dhíth - is minic a mhaireann an chóireáil thart faoi sé mhì.

Má tá tuilleadh eolais de dhíth ort faoi eitinn, BCG ná faoi imdhíontaí eile, labhair le banaltra na scoile, le do dhochtúir ná le do bhanaltra féin nó tabhair cuairt ar shuíomh idirlín RSSSSP ar www.dhsspsni.gov.uk/phealth nó ar shuíomh idirlín náisiúnta an imdhíonta ar www.immunisation.org.uk

Health Promotion Agency

Adapted with permission from material published by Health Promotion England. Produced by the Health Promotion Agency for Northern Ireland on behalf of the Department of Health, Social Services and Public Safety.

03/02

IMDHÍONADH

BCG

agus eitinn

Irish translation of *BCG and tuberculosis*

Cuimhnímis - Imdhíonaimis

BCG agus eitinn

Míníonn an bhileog seo cad is eitinn ann - agus an fáth ar imdhíonadh tábhachtach é BCG.

Cad is eitinn ann?

Is ionfhabhtú í eitinn a théann i bhfeidhm de ghnáth ar na scamhóga. Is féidir leis dul i bhfeidhm ar chodanna eile den chorp chomh maith ar nós na gcnámh nó na hinchinne. Is í eitinn na scamhóg an cineál eitinne is forleithne sa RA.

Cad is BCG ann?

Is é BCG an t-ainm atá ar an vacsaín a chosnaíonn muid ar eitinn. Ainmníodh an vacsaín as Bacillus Calmette-Guérin an duine a chéadfhorbair an vacsaín. In BCG tá cineál an-lag den fhrídín is cúis le heitinn. Inspreagann an vacsaín an corp lena imdhíonacht a neartú ionas go dtig leis troid in éadan an ghalair.

Tá BCG 70-80% éifeachtach in éadan eitinne nuair a thugtar do pháistí scoile é agus maireann a chosaint 15 bliana ar a laghad.

Cá huair a thugtar BCG?

Is gnách go dtugtar BCG ar scoil do pháistí idir 10 agus 14 bliana.

B'fhéidir go molfaí vacsaíniú BCG do pháistí as tíortha ina bhfuil eitinn forleathan. B'fhéidir go dtabharfaí é ar shroicheadh na tíre seo dóibh nó, i gcás babaithe, nuair a thagann siad ar an saol.

B'fhéidir go molfaí vacsaíniú BCG do pháistí a raibh dlúth-theagmháil acu le cás tógálach eitinne, ag brath ar chúinsí áirithe.

Cad é mar a thógtar eitinn?

Is féidir eitinn a thógáil ó dhuine a bhfuil sí air/uirthi cheana - de ghnáth, ó dhuine a bhfuil an ionfhabhtú ina scamhóga agus atá ag casachtach. Táirgeann an chasachtach braoiníní beaga seile ina bhfuil frídíní (baictéir) a dtig leo fanacht san aer ar feadh tréimhsí fada ama. Má inanálaítear na frídíní is féidir an t-ionfhabhtú a thógáil.

An dtógann mórán daoine eitinn?

Is beag duine i dTuaisceart Éireann a dtagann eitinn air/uirthi sa lá atá inniu ann. Sa bhliain 2000 tuairiscíodh 50 cás. Is beag an líon cásanna atá ann toisc:

- go bhfuil, den chuid is mó, coinníollacha maithe maireachtála againn;
- go dtig linn cúram a thabhairt gan mhoill do dhaoine a thógann an galar;
- go bhfuil leibhéil arda imdhíonta againn.

Ar fud an domhain, is airde i bhfad an líon daoine a thógann eitinn agus a fhaigheann bás dá barr. I go leor tíortha, tá an líon seo ag méadú go gasta.

Cad é mar a chuireann eitinn tinneas ort?

De ghnáth tosaíonn eitinn mar athlasadh beag ar áit amháin ar leathscamhóg. Éiríonn an áit bheag seo níos mó agus mura gcuirtear stop léi in am spréann sí chuig an leathscamhóg eile.

Ar na comharthaí a fhorbraíonn ina dhiaidh sin tá:

- casachtach a mhaireann, in amanna, ar feadh seachtainí;
- fiabhras;
- ag cur allais - go háirithe san oíche;
- cailleadh meáchain;
- tuirse;
- ag caitheamh seile fola.

Uaireanta maraíonn eitinn duine mura dtugtar cúram dó/di in am. Is annamh, áfach go mbíonn bás i gceist dá barr as siocair a éifeachtaí atá na drugaí a úsáidtear ina héadan.

Cad é mar a throideann an corp in éadan eitinne?

Má thagann eitinn ar dhuine ní mór dá c(h)orp na baictéir a aithint mar namhaid. Tosóidh córas imdhíonachta an choirp a dhéanamh antashubstaintí a ionsaíonn na baictéir agus a throideann in éadan an ghalair. Má fhaightear vacsaín BCG ullmhaíonn sé an corp le tosú a throid in éadan an ghalair.

Cé air a bhfuil imdhíonadh de dhíth?

Tugtar instealladh BCG do dhaoine de réir mar is gá. Le sin a chinntiú déanfaidh banaltra nó dochtúir tástáil craicinn ar a dtugtar an tástáil 'Heaf'. Léiríonn an tástáil craicinn cé acu tá duine imdhíonach cheana ar eitinn nó nach bhfuil.